# Filleann Seoirse

*Éilis Ní Anluain*

Eagrán Clóite 2011
Eagrán Digiteach 2013
© Éilis Ní Anluain 2011, 2013

ISBN 978-1-909907-20-1 (Eagrán ePub)
ISBN 978-1-909907-21-8 (Eagrán Kindle)

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin digiteach, leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus clúdach: Caomhán Ó Scolaí

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge as an sparántacht a bhronn siad uirthi agus í i mbun pinn.

*Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac*

*Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-593592
**leabharbreac.com**

# *Tús an Scéil*

***An Chéad Dinnéar***

San Aibreán a thug sé cuairt orainn den chéad uair. É féin agus a chailín.

'Tá cuireadh tugtha agam dóibh chun dinnéir,' arsa Muiris.

'Cé dóibh?' arsa mise, ag socrú lusa an chromchinn i vása ar an mbord.

'Do Sheoirse agus Mharina,' ar seisean go neafaiseach.

'An bheirt sin?'

'Sea.'

'Cén uair?'

'Anocht.'

'Anocht? Cothrom lá ár bpósta agus is le do chairdese atá muid lenár mbéile a chaitheamh.'

'Nár dhúirt mé leat go gcuirfinn glaoch orthu, tar éis gur dhúirt tú nach mbíonn aon chuairteoirí againn?'

Seoirse agus Marina. Cairde le Muiris. Beirt ar nós muid féin a casadh ar a chéile sa choláiste. Ní raibh aon tnúth agam lena gcuairt ach dhéanfainn dinnéar deas agus chuirfinn an t-éadach geal agus na coinnleoirí práis ar an mbord sa seomra suí. Ní raibh mé ag réiteach rómhaith le

Muiris, ach rud eile ba ea ócáid le lucht féachana. Muiris agus na leanaí agus an teach mar charachtair agam ar stáitse, páirt na mná céile agam féin agus mé ag stiúradh an dráma chomh maith. Gach gné den léiriú ag teacht le chéile, leagan amach an troscáin, míreanna an bhéile, ár gcuid éadaigh fiú. Nuair a bhí slacht ar an áit agus orainn féin an lá cinniúnach sin, thoilíos dul ar siúlóid. Bhí eolas agam ar an stráice duilleogach sin den bhaile idir an tSráid Mhór agus an fharraige, mar gurb ann a bhí cónaí orainn sna blianta tosaigh, ach le tamall anois bhíodh Muiris ag caint ar bhóithre galánta a d'fheiceadh sé ar a bhealach chun na scoile, agus a thaitneodh liom, a deireadh sé, mar gheall ar a gcosúlacht leis an gceantar inar tógadh mé, agus taobh leo sin, bóithre eile a chuir ceartlár na tuaithe i gcuimhne dó. Ar an ard mór a éiríonn aníos ar an taobh thall den abhainn a bhí ár dtriall. Ar an mbealach, chonaic muid eaglais mhaorga d'eibhear gearrtha, tithe aonair a raibh ballaí caisealacha den eibhear céanna thart orthu agus ainmneacha orthu a mhúscail suim ionam, 'Ard Soluis', 'Ard na Gréine' agus 'Cambrae'. Bhí mo sháith agam d'iontais ansin agus fonn orm aghaidh a thabhairt ar an mbaile.

'B'fhéidir,' arsa mise, 'go bhfuil a dhóthain den siúl ag Art.'

'Níl,' arsa an buachaill beag.

'Is fiú an dua,' arsa Muiris, 'an radharc ón mbarr ar fad.'

Leanamar orainn suas, ach bhí mífhoighid ag teacht ormsa nó gur aimsigh muid thíos fúinn, an abhainn agus

an tsraith aolgheal a raibh an teach sin againne ina lár. Teach dhá stór, dhá sheomra thuas agus dhá sheomra thíos. Chuimhnigh mé ar lá earraigh eile trí bliana roimhe sin nuair a rinneamar siúlóid suas an cnoc taobh leis an bhfarraige — ní raibh muid i bhfad ar an mbaile ag an am — agus go bhfaca muid thíos fúinn an teach a raibh árasán againn ann. San íoslach a bhí muid agus is iad muintir an tí a bhí ar na hurláir eile, Esmé, Johnny agus a scata leanaí. Trí bliana a bhí muid ansin ar shleasa íochtaracha an chnoic, go bhfuair muid ár dteach beag féin a raibh muid ag breathnú síos air anois. Thíos fúinn díreach a bhí an abhainn, ciumhais chaol dhorcha ar imeall má tuile, páirc fhada a raibh fál crann idir í agus an bóthar a raibh tithe ar thaobh amháin de. Ar aghaidh bhun na páirce a bhí an teach sin againne, i lár na sraithe ab fhaide ón mbaile.

'Is dóigh liom,' arsa Muiris ansin go tobann, 'go bhfuil muid gann ar fhíon.'

Thit mo chroí. Ní raibh aon bhaint aige le fíon ach leis an mbealach nach raibh tugtha faoi deara ag Muiris mé a bheith éirithe smaointeach, séimh. Seans ligthe amú aige, nó b'shin a bhraitheas. Cuid de mhíréasún na hóige ba ea an díomá sin a thagadh orm nuair nach n-aithneofaí mo mhian gan é a iarraidh. Díomá nach fiú dom díomá a thabhairt air anois, ní raibh mé lena ligean tharam an lá sin.

'Tá's agat nach dtiocfaidh tú ar bhuidéal fíona Luan Cásca agus na siopaí dúnta.'

'Rachaidh mé amach liom féin ar ball lena aghaidh.'

'Má théann, is sa phub a cheannóidh tú é agus íocfaidh tú a dhá oiread air.'

Thosaigh Art ag caoineadh.

'An bhfágfaidh muid mar sin é?,' arsa Muiris gan aon ghus ina ghlór.

'Is róchuma liom faoi do chairde, ach má tá cuireadh tugtha agat dóibh, caithfidh muid teacht ar fhíon.'

'Ceart go leor,' ar seisean.

'Agus cén comhrá a shíleann tú a dhéanfaidh mé leo, beirt mhac léinn gan chúram?'

'Ara stop,' arsa Muiris, 'ní gá duit ach a bheith ann. Nó gan a bheith ann.'

D'fhágas mar sin é. Ar an droichead thug mé faoi deara an ghrian ag ísliú sa spéir agus an abhainn ina ribín lasta ag leathnú amach romhainn. Ar an aibhinne a shíneann taobh léi chomh fada leis an teach shuigh mé tamall liom féin ar bhinse. Thugas faoi deara bláthanna na gcrann cnó capaill ag tuirlingt mar a bheadh calóga sneachta agus, pé racht a tháinig orm ar ball, b'fhacthas dom ansin gur ar bhláthanna a bhí mé ag smaoineamh. Na lusanna cromchinn a bhí curtha ar an mbord agam, d'aistreoinn go crúiscín eile iad, an ceann a thug Seoirse agus Marina dúinn lá ár bpósta.

Art romham ar an tolg, brící daite lego mórthimpeall air agus a dhá chois trasna ar a chéile aige. An tine lasta ag Muiris, é ag teacht anuas an staighre agus an leanbh curtha a luí aige. Chuir a aghaidh as dom. Ní raibh aon daingne ann. Bhí a bhéal beagáinín ar oscailt, leathmheangadh air agus a shúile gan a bheith socair. Cúig bliana fichead ach ba dhealraitheach é le buachaill óg nach raibh an saol feicthe aige. Ní raibh aon mhailís ann ach ní

raibh aon mheidhir ann ach an oiread. Gáire gan bhrí ba ea é, a tháinig eadrainn mar go bhfaca mise ann léiriú ar sheandeacracht, an easpa máistreachta a bhí aige orm. Ach bhí bord le leagan. Le cois an éadaigh ghil agus na gcoinnleoirí práis, bhí naipcíní le filleadh agus le socrú i lachain bheaga adhmaid, bronntanas eile pósta, a thug chun soiléireachta an t-údar a bhí leis an doicheall a bhí orm roimh na cuairteoirí. B'fhéidir nár dhúirt sé amach díreach é, ach bhraitheas i gcónaí go rabhadar beagáinín amhrasach fúm mar pháirtí ag a gcara caoin Muiris. Ní raibh ann ach bliain, ach ní raibh siad feicthe againn ó lá na bainise. Ar bhileog cheangail leabhair a thugadar mar bhronntanas dúinn in éineacht leis an gcrúiscín, bhí 'Epithalamium', scríofa ag Seoirse, agus an focal *schwärmerei* aige ann le cur síos caolchúiseach a dhéanamh ar an bhfuadar a bhraith sé a bhí faoin bpósadh.

Naprún fada bán orm agus mé cruógach sa chistin, ag séathlú ríse le haghaidh mhairteoil stroganoff, ag greadadh uachtair le haghaidh meireang, agus mé tosaithe ar iarnáil nuair a bhuail cloigín an dorais. Suas síos go mall liom ar mhuinchille léine go gcloisfinn an chaint.

'Tá an-bhrón orainn faoina bheith chomh mall,' arsa Marina.

Níor chuala mé i gceart an leithscéal ná an scéal fada a bhí aici. Samhlaíodh dom an bheirt eile ag breathnú ar a chéile gur stop sí.

'Mmm,' arsa Seoirse. 'Tine mhóna. Nach aoibhinn an áit í seo, suite ar imeall na tuaithe.' D'éist mé tamall leis an gcomhrá.

‘Seo é go díreach,’ arsa Marina, ‘an cineál tí ar shamhlaigh mé sibh ann, seanteach le ballaí tiubha aolbhána agus péint ar na fuinneoga, dubhuaine atá siad nach ea?’

‘Sea,’ arsa Muiris.

‘Agus plean maith,’ ar sise, ‘teacht isteach díreach sa seomra agus gan spás a chur amú le halla, ach cá bhfuil an staighre?’

‘Trasna an tí a théann sé,’ arsa Muiris, ‘idir an dá sheomra, agus ag a bhun tá spás beag idir an seomra seo agus an chistin.’

Nuair ba léir dom go raibh siad suite chun boird ní dhearna mé aon mhoill ach isteach liom leis na plátaí.

‘Tá an-bhrón orainn go bhfuil muid chomh mall,’ arsa Marina arís.

‘Anois díreach,’ arsa mise, ‘a bhí muid réidh.’ Turas nó dhó eile chun na cistine agus gach seans go raibh mé i mo shuí sular bheannaigh mé dóibh. Muiris agus mé féin ag dhá cheann an bhoird a bhí in aghaidh an bhalla agus na cuairteoirí eadrainn agus a gcúl leis an bhfuinneog, ise taobh le Muiris, Art beag eatarthu, agus Seoirse taobh liomsa. Bhí an comhrá stadach tamall agus muid cruinn cuachta ag ithe. Rinneadh athrá ina phíosaí ar an gcomhrá a shíleadar nach raibh cloiste agamsa.

‘Bhí siúlóid aoibhinn againn ón traein,’ arsa Seoirse. ‘Bhí sé ag éirí dorcha, ach d’airíomar an dúlra thart orainn.’

‘Bhí siúlóid dheas againn féin ar ball,’ arsa mise, ‘taobh thuas den abhainn.’

Bhreathnaigh Art orm. An raibh ligthe i ndearmad

agam mar a thosaigh sé ag caoineadh agus muid amuigh, nó b'shin a bhraitheas a bhí sé ag rá, agus nár thaitin sé leis gur tarraingíodh é féin isteach sa scéal nuair ba mise a bhí ag iarraidh dul abhaile. Agus míshuaimhneas ag teacht orm dá bharr, lean mé orm ag caint, ag dul thar fóir b'fhéidir le hainmneacha na dtithe móra a bhí feicthe againn, Ard Soluis, Ard na Gréine agus Cambrae.

'Dhá theaghlach Gaeilgeoirí agus teaghlach eile a léigh Proust,' arsa Seoirse. Ní raibh Proust léite agam agus níor thuig mé cén bhaint a bhí aige sin leis an scéal ach níor lig mé dada orm. Bhí mé beagnach cinnte nach raibh sé ag magadh fúm agus b'fhaoiseamh an méid sin. Pé brí a bhí le Cambrae, d'airíos casadh na taoide. Bhí Seoirse anois faoi lánseol agus é ag treabhadh farraigí móra Chanóin an Iarthair, tagairt eile nár thuig mé i gceart gur lean sé air, 'Mar a ghin Abrahám Íosác, ghin Íosác Iacób agus ghin Iacób Iósaf, sa tslí chéanna dhíreach ghin Hóiméar Veirgil, ghin Veirgil Dante agus ina fhear óg chuir Milton deich mbliana i leataobh leis na leabhair ar fad a léamh sula dtabharfadh sé faoina chuid scríbhneoireachta. Plean maith, creidim.'

Chuaigh a chuid cainte go mór i gcion orm. Má chuaigh a chuid cainte i gcion ar Mharina tráth, ba léir anois an t-amhras a bheith in uachtar. Seanargóintí eatarthu agus snas orthu.

'Le tamall anois,' arsa Marina le Muiris, 'tá Seoirse ag caint ar shos bliana ón staidéar.'

'Ó,' arsa Muiris, 'agus gan ach bliain amháin eile le déanamh agat?'

‘Ní rachaidh a bhfuil foghlamtha agam go dtí seo amú,’ arsa Seoirse. ‘Léigh mé faoi Choleridge le deireanas, go dtéadh sé chuig léachtanna ceimice le cur lena stór meafar.’

‘Maith go leor,’ arsa Marina, ‘ach níor bronnadh aon chéim air. Thiocfainn leatsa ansin, a Mhuiris, ach is é a deir Seoirse gur fearr a dhéanfaidh sé ar deireadh ach an bhliain seo a chaitheamh le scríobh amháin.’

D’airigh mé uasal le híseal fite fuaite chomh caolchúiseach ina cuid cainte, nár léir cé acu den bheirt fhear a bhí thíos leis, an té a raibh sí ag labhairt leis, nó an té a raibh sí ag labhairt faoi. D’fhan mise i mo thost ag machnamh ar mo chúrsaí féin gur chuala mé an leanbh agus í ag tosú ar bhogchaoineadh. Níorbh fhada go raibh a cloigeann beag cuachta faoi mo bhlús agus í socraithe ar mo bhrollach. Ní mé arbh é milseacht an mheireang, a bhí curtha ar an mbord ag Muiris idir an dá linn, nó crónán sásta an linbh ba chúis leis, ach bhí gleoiteacht san aer anois. Siúd Seoirse agus trí cinn de na lachain bheaga ar bharra trí mhéar ar a láimh chlé agus í sínte amach aige san aer os cionn an bhoird, agus é ag breathnú ormsa. Géire agus cneastacht ina fhéachaint.

‘Tá’s agat,’ ar seisean, nuair ba léir nár thuig mé céard a bhí ar bun aige, ‘trí lacha ar bhalla.’ Bhí an ceann is fearr faighte aige orm an uair seo ach ba mhór an spórt é. Réimse eile ar fad aige thar mar a bhí ag Muiris. Agus bricín beag dorcha faoina shúil chlé. Ansin a bhreathnaigh mé i gceart air, ina shúile, agus bhreathnaigh seisean sna súile ormsa. Réimse eile ar fad, cinnte. Réimse ar bhraitheas go mór ar mo shuaimhneas ann.

Ag druidim le deireadh na hoíche, bhí Muiris ag insint do Mharina faoi phortráid nua a bhí againn thuas staighre.

'É sin atá do do choinneáil chomh hóg ag breathnú agus beirt pháistí agat,' arsa Seoirse agus tagairt a d'aithníos á tabhairt aige chun an chomhrá.

'Ní mise atá sa phortráid,' arsa Muiris 'ach cara le Lís. Thug a hathair an pictiúr anseo inné ar dhíon a chairr.'

'Bhí péint séadghlas curtha agam ar na ballaí agus gorm síneach ar an troscán,' arsa mise, 'leis an seomra a chur in oiriúint don phictiúr, agus faitíos orm ansin nach ngabhfadh sé isteach sa seomra agus a laghad sin spáis ag barr an staighre. Ar mhaith libh é a fheiceáil?'

'Fanfaidh mise anseo,' arsa Seoirse, 'agus beidh an pictiúr mar leithscéal agam teacht amach chugaibh arís.'

An ag an nóiméad sin a tharla sé? Nó an raibh sé tarlaithe cheana féin? Is cuimhin liom an faitíos a bhí orm go gcloisfeadh Seoirse mo chroí ag bualadh i gciúnas an tseomra. Bhí Art ina leaba faoin am seo agus an leanbh sách leagtha uaim ar an tolg. Rinne coiscéimeanna Mhuiris agus Mharina torann tromrialta agus iad ag dul in airde an staighre. Chualathas ansin os ár gcionn corrchoiscéim siar is aniar ar chláracha gíoscánacha an urláir. Mhéadaigh na fuaimeanna seo ar an gciúnas a bhí sa seomra thíos staighre ionas go mb'éigean do dhuine againn labhairt.

'Feicim Proust ar an tseilf agaibh,' arsa Seoirse, 'ansin leis na penguins oráiste. Nach deas mar atá na leabhair cóirithe agaibh, an ortsa a thiteann an cúram sin?'

Shín sé amach lámh agus bhain an leabhar go cúramach den tseilf. B'fhéidir gur ansin a tharla sé. Ag an

nóiméad sin ba chailín arís mé i seomra bia an tí inar tógadh mé, seomra staidéir m'athar. Lámh sínte amach aige ag breathnú na seilf go dtiocfadh sé ar phíosa a d'fhreagródh ceist a bhí curtha agam air, mise ag fanacht go sollúnta agus ag éisteacht go haireach nuair a léifeadh sé amach é. B'ionann freisin mar a láimhseáilidís leabhar. Slíocadh boise ar an gclúdach, casadh cúramach na leathanach gur shroich sé an clár, muid taobh le chéile ar an tolg anois agus, i ngan fhios dó, freagra tugtha aige dom ar an mbaint a bhí ag Proust le Cambrae, nárbh Cambrae é ach Combray, caibidil san imleabhar *Bealach Swann*, a thosaigh sé a léamh.

Séipéal a chonaic sé ar thuras traenach faoi Cháisc, agus tithe cruinnithe mórthimpeall air mar a bheadh i bpéintéireacht phrimitíveach, a bhí sa phíosa a léigh sé. Agus a ghuth chomh nádúrtha, agus muid tar éis bheith ag caint ar ball ar thuras traenach, ar thithe agus ar shéipéal agus muid fós in aimsir na Cásca, murarbh é a chuid scríbhneoireachta féin fós é, d'airigh mé go raibh sé i ndán dó an saothar sin a scríobh.

Rinne mé iontas de ghlór cothrom caoin a chuid léitheoireachta, agus an difríocht idir é agus an glór callánach a chleacht sé ag an bpóidiam ag díospóireachtaí na hAoine sa choláiste, a dtéinn ag breathnú orthu sular chuir mé aithne ar Mhuiris. Ba é mo chuimhne air, cé nach raibh de mhisneach agam ariamh labhairt amach, nach dtagainn lena chuid argóintí. Nuair a chonaic mé é féin agus Muiris i bhfad uaim ag imirt fichille lá, d'iompaíos ar mo shála mar nár mhaith liom beannú dó. Deireadh Muiris

go raibh mé róchrua air, gur chailín cairdiúil í Marina agus gur dheas an rud é dá mbuailfeadh an ceathrar againn le chéile. An chéad dá shamhradh a raibh mé féin agus Muiris le chéile, tharla, toisc scoláireachta bliain amháin agus scrúduithe fómhair bliain eile, nach bhféadfainn dul chun na Mór-Roinne ag obair in éineacht leis. Cé gur airigh mé uaim é, bhraith mé san am céanna nár mhiste a thástáil cé mar a bhí cúrsaí eadrainn. Chuig an Ollainn le cairde scoile a chuaigh sé an chéad bhliain agus chuig an nGearmáin le Seoirse agus Marina an dara bliain. Ba mhinic tar éis do Sheoirse an oíche a chaitheamh ag léamh, nach n-éiríodh sé go headra agus gur ar thrasnán rothair Mhuiris a théadh Marina ag obair. Ba léir ó na litreacha a chuireadh Muiris chugam an samhradh sin, ón mBaile Oilimpeach mar a rabhadar ag cur fúthu, go raibh sé ar a shuaimhneas leis an mbeirt acu, go háirithe le Marina. In ainneoin a meabhrach cinn bhí cosúlachtaí idir Marina agus a mháthair — umhlaíocht agus easpa eagair — a thaitin leis mar gheall ar an seantaithí a bhí aige orthu. Nuair a d'fhill sé ar an mbaile ba ghearr go raibh Art ar a bhealach.

Go tobann, amhail is nach raibh Seoirse ina sheasamh taobh liom, ghlaoigh mé go borb suas an staighre. 'Imeoidh an traein oraibh....' Bhraith mé láithreach go raibh mé tar éis ligean d'aghaidh fidil na dea-bhéasa sleamhnú agus go mbeadh trua arís ag na cuairteoirí, mar a bhí ariamh, dá gcara faoina bheith ceangailte le bean chrosta mar mé féin. Rinne mé iarracht ansin an méid a bhí ráite agam a tharraingt siar.

'Ní fiú a bheith ag rith anois chuig an stáisiún,' arsa

mise. 'Tá sé chomh maith agaibh fanacht thar oíche.'

'Beidh muid in am don traein dheireanach,' arsa Muiris, agus é ag ceapadh go raibh sé ag déanamh ruda orm. 'Siúlfaidh mé in éineacht libh agus má bhíonn an traein féin imithe beidh bus ón stáisiún ina dhiaidh sin arís.'

Nuair a bhí na cuairteoirí imithe seo mé siar is aniar idir an dá sheomra ag glanadh an bhoird agus ansin na ngréithre, ag súil nach fada go gcaithfeadh muid béile eile leo, go gcloisfinn arís ag caint é. D'éistfinn leis go rachadh na réaltaí is an ghealach féin faoi. Liom féin ar an tolg anois, ina éagmais chonaic mé é agus chuala mé fós é.

Is minic ó shin a rinne Muiris gáire faoi shaontacht a smaointe seisean agus é ar a bhealach ar ais an oíche sin, an imní a bhí air nuair a shuigh sé ar an mbinse faoi na crainn chnó capaill faoin tabhairt amach a thosódh a luaithe a d'osclófaí an doras agus gan ann ach muid féin arís. Bhí sé cráite ag an síorchlamhsán faoi rudaí beaga nuair ab fhearr leis a bheith ag réiteach fadhb ailgéabair nó ag léamh úrscéil thoirtiúil Rúisigh. Ba mhór an faoiseamh dó, mar sin, mise a bheith fós i mo shuí nuair a bhuail sé ar an doras agus, thairis sin, slacht ar an áit agus miongháire ar m'aghaidh. Thuig sé gur rud éigin nár bhain leisean a bhí taobh thiar de, taibhreamh a tháinig chugam agus mé sona anois dá bharr, buachaill a raibh mé mór leis tráth, ach gur bhris mé leis mar gur theip an misneach orm. In aghaidh a thola a bhí Muiris ag imirt an chluiche tomhaiseanna seo, ach b'fhearr leis é sin ná mé a bheith arís mar a bhí ar ball, sular tháinig na cuairteoirí. 'An Dochtúir Mac Eoin?' ar seisean, ag magadh fúm anois, cé go mb'fhíor go mbaininn

taitneamh as cuairt ar an dochtúir teaghlaigh, fear scothaosta feolmhar a d'ardaíodh mo chroí lena chomhrá gnaíúil.

'Nárbh fhearr an taitneamh a bhainfeá as an taibhreamh seo,' a dúirt Muiris ansin, 'ach é a choinneáil agat féin, mar go n-imeoidh an draíocht as nuair a luafaidh tú a ainm.'

Má bhí sé agam mar a bheadh luchóg faoi bhois an chait, thuig sé nó bhí a fhios aige an faitíos a bhí orm ariamh roimh éiginnteacht an ghrá agus nach aon uair amháin a bhris mé le buachaill a raibh mé mór leis ar eagla go mbrisfeadh seisean liom.

'Níl ann ach caint,' ar seisean.

'Bhuel, más ea,' arsa mise, 'níl aon dochar ann.'

'Amárach, mar sin,' ar seisean, 'fan go dtí an lá amárach.'

'Seoirse,' arsa Muiris nuair a dhúisigh sé an lá arna mhárach.

Ag magadh a bhí sé agus ba léir dom é a bheith go tobann trí chéile nuair nár thug mé dó mar fhreagra ach miongháire na hoíche roimhe. Gáire amach os ard agus gnáthlá a bheadh ann, an ghnáthleimhe nó faoiseamh a leanann imeacht cuairteoirí, na gnáthchúraimí agus na gnáthchomhráite, ach chuir an miongháire sin alltacht ar Mhuiris agus tús le ré nua, ré gur deacair a rá faoi cén uair a tháinig deireadh leis, má tháinig ariamh. As sin amach is é a bhí againn in áit a ainm, leaganacha den fhorainm sa tríú pearsa uatha firinscneach. Samhlaím ceannlitreacha leo, agus fios againn i gcónaí cé 'Air' a mbímis ag caint.

Rinne Muiris go leor iarrachtaí míniú dom an dul amú a bhí orm.

'B'fhéidir go mbrisfidh sé le Marina, ach chuirfinn geall nach bhfillfidh sé ar an gcoláiste. Easpa misnigh a tháinig air aimsir na scrúduithe. Ní bheidh pingin rua aige go deo.'

'Is féidir liomsa dul ag múineadh mar sin.'

'Tusa a dúirt i gcónaí gur mhaith leat fanacht sa bhaile leis na gasúir nó go dtosóidís ar scoil.'

'Ní ionann múineadh agus postanna eile, bheadh neart ama agam leo.'

'Níl bunús ar bith leis an aisling seo agat,' ar seisean, ag magadh fúm arís agus muid ag baint fiailí lá. 'Ní hé nach bhféadfása do bheatha féin a thuilleadh, ach ní fear mór ban é. B'fhacthas dom ariamh gur cosúil le deirfiúr aige Marina.'

'Déarfainn,' arsa mise, 'gur mó a bhaineann sé sin le Marina ná leisean.'

D'fhéadfaí a rá faoi Mhuiris go raibh sé ag géilleadh do mhianta Líse gan a chás féin a throid, amhail is gur chuma leis cén deireadh a bheadh ar an scéal. Shílfeá b'fhéidir, dá gcloisfeá an comhrá seo, nár lánúin ach cairde an bheirt a bhí ag caint. Tá freagracht ag baint le comhairle a thabhairt, le tú féin a mholadh thar dhuine eile. Chosnódh Muiris a bhean agus a chlann ó ionsaí agus ó ocras, bhí an cineál sin freagrachta ag baint leis, ach chomh fada agus a bhain sé leis féin níorbh aon fhear troda ná díospóireachta é. Ba ghaire d'fhealsamh é. Ba é a nádúr glacadh le rudaí mar a thitfidís amach. Nuair a dúirt mé go rachainn isteach sa

chathair, ag féachaint an bhfeicfinn ann é, níor chuir Muiris aon stop liom mar bhí sé cinnte, agus an aithne a bhí aige ar Sheoirse, pé mearbhall a bhí orm go dtiocfadh ciall chugam, ach a gcasfainn arís air. Cúpla uair a chuaigh mé ar a thóir, ach chinn orm teacht air. Ní raibh leigheas ar an scéal, ach cuireadh a thabhairt dóibh teacht chun dinnéir arís.

***An Dara Dinnéar***

Sa tréimhse sin idir an chéad dinnéar agus an dara dinnéar, mar a tugadh orthu ar ball, i ngan fhios do Sheoirse, bhí bunsraith á leagan síos againn, agamsa agus ag Muiris, bunsraith scéil a raibh ceann de na príomhpháirteanna ag Seoirse féin ann. Ar nós an stráice talún a chonaic Muiris lá nuair a d'oscail sé seandoras i mballa de chloch bhuí na dúiche ag bun an chlóis — rud a thug gort nua dúinn le treabhadh, plásóg bheag cheithre mhéadar cearnach dá ndéanfá é a thomhas — d'eascair ó chuairt Sheoirse agus Mharina ábhar nua cainte a bhí le treabhadh againn. D'éist mé leis na seanscéalta faoi na cairde seo aige nár chuir mé aon suim iontu cheana. An chéad uair a labhair sé le Seoirse bhí scuainí ag leathadh ó dhá thaobh an dorais roimh léacht iarnóna sa mhatamaitic nuair a thug Muiris suntas do leabhar a bhí duine de na buachaillí trasna uaidh ag léamh. Dánta le Heaney. Mar a tharla, bhí an file ag teacht chuig an gcoláiste an tseachtain chéanna agus d'fhiafraigh Muiris den bhuachaill seo an raibh rún aige dul chuig an gcaint. Arsa an buachaill eile gur mhaith leis dul ann ach go raibh air páirt a ghlacadh i ndíospóireacht an tráthnóna sin. An